**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0206/2022**

14.7.2022

# ***I
# TUARASCÁIL

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013, a mhéid a bhaineann le srianta ar an rochtain ar uiscí an Aontais
(COM(2021)0356 – C9-0254/2021 – 2021/0176(COD))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir don tuairim: Pierre Karleskind

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann an leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le cló trom iodálach. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ...........................................................................................10

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT RÉIGIÚNACH..................................................12

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ..............................................................15

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........16

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013, a mhéid a bhaineann le srianta ar an rochtain ar uiscí an Aontais**
**(COM(2021)0356 – C9-0254/2021 – 2021/0176(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0356),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0254/2021),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A9-0206/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) I gcomhréir le hAirteagal 510 den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh*** |

***Adamhach an Aontais Eorpaigh, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile[1a], déanfar athbhreithniú ar an gComhaontú, lena n-áirítear ar na forálacha maidir le rochtain ar uiscí, 4 bliana tar éis dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, a dtiocfaidh deireadh léi an 30 Meitheamh 2026.***

______________

***[1a] IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.***

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7b) Ba cheart ceangal a bheith ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar na rialacha ginearálta maidir le rochtain ar uiscí dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 sula rachaidh na maoluithe in éag. Ba cheart an measúnú sin a dhéanamh bliain amháin ar a laghad roimh dhul in éag na maoluithe.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7c) Chun measúnú leanúnach ar an gComhbheartas Iascaigh a áirithiú, ba cheart an oibleagáid atá ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú an Chomhbheartais Iascaigh a athnuachan gach 5 bliana.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8 a) Ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) a leasú chun na hiarmhairtí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil a bhaineann le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas d'iascach an Aontais a chur san áireamh, chomh maith le héabhlóidí ar chabhlach an Aontais le blianta beaga anuas***. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013
Airteagal 1 – mír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) In Airteagal 5, cuirtear an mhír seo a leanas leis:***<br>***'4a. Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an measúnú ar chur i bhfeidhm an airteagail seo faoin 31 Nollaig 2029.'.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 b (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013
Airteagal 49 – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1b) In Airteagal 49, cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:*** |

*‘Tar éis an dáta sin, tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le feidhmiú CBI gach 5 bliana.’.*

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn**
Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013
Iarscríbhinn 1 – pointe 5 – ró 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ó theorainn na Beilge/na Fraince go dtí oirthear Departement Manche (inbhear Vire-Grandcamp les Bains 49° 23' 30" N-1° 2 'WNNE) | An Bheilg | Iasc grinnill | Gan teorainn |

*Leasú*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ó theorainn na Beilge/na Fraince go dtí oirthear Departement Manche (inbhear Vire-Grandcamp les Bains 49° 23' 30" N-1° 2 'WNNE) | An Bheilg | Iasc grinnill | Gan teorainn ***(cé is moite de shoithí a úsáideann saighean Dhanmhargach nó saighean Albanach)*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn**
Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013
Iarscríbhinn 1 – pointe 5 – ró 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ó theorainn na Beilge/na Fraince go dtí oirthear Departement Manche (inbhear Vire-Grandcamp les Bains 49° 23' 30" N-1° 2 'WNNE) | An Ísiltír | Gach speiceas | Gan teorainn |

*Leasú*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ó theorainn na Beilge/na Fraince | An Ísiltír | Gach speiceas | Gan teorainn ***(cé is moite*** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| go dtí oirthear Departement Manche (inbhear Vire-Grandcamp les Bains 49° 23' 30" N-1° 2 'WNNE) | | | ***de shoithí a úsáideann saighean Dhanmhargach nó saighean Albanach)*** |

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Comhthéacs an togra ón gCoimisiún

Le hAirteagal 5(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, bunaítear maolú maidir le crios 12 mhuirmhíle na mBallstát (uiscí teorann) ón riail ghinearálta maidir le comhrochtain shoithí iascaireachta an Aontais ar uiscí agus ar acmhainní an Aontais a leagtar amach in Airteagal 5(1) den Rialachán sin. Leis an maolú sin údaraítear do na Ballstáit iascaireacht sa chrios 12 mhuirmhíle sin a shrianadh do shoithí áirithe. Maidir leis na srianta a chuir na Ballstáit i bhfeidhm ar bhonn an mhaolaithe, chuir siad laghdú ar an mbrú iascaireachta sna limistéir is íogaire ó thaobh na bitheolaíochta de agus chuir siad leis an gcobhsaíocht eacnamaíoch do ghníomhaíochtaí cósta ar an mionchóir.

Bunaítear le hAirteagal 5(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maolú comhchosúil le haghaidh uiscí suas le 100 muirmhíle ó bhonnlínte na réigiún is forimeallaí de chuid an Aontais dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 349 den Chonradh. Leis an maolú ceadaítear do na Ballstáit an iascaireacht a shrianadh do na soithí iascaireachta atá cláraithe i gcalafoirt na gcríoch sin.

Beidh na maoluithe i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2022, agus is é is aidhm don togra ón gCoimisiún go seachnófar deireadh a chur leis an gcóras rochtana sonrach a leagtar amach in Airteagal 5(2) agus Airteagal 5(3) den Rialachán. Moltar ann leasú a dhéanamh ar fhorálacha ábhartha an Rialacháin chun síneadh a chur leis an tréimhse inar féidir leis na Ballstáit srian a chur leis an rochtain atá acu ar a n-uiscí faoi na forálacha sin ar feadh tréimhse bhreise 10 mbliana.

Ina theannta sin, moltar leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Socraítear in Iarscríbhinn I, i gcás gach Ballstáit, na criosanna geografacha laistigh de bhandaí cósta Ballstát eile ina bhféadfaidh sé gníomhaíochtaí iascaireachta a shaothrú agus cé na speicis a fhéadfaidh sé a ghabháil. Léiríonn an leasú seo imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, chomh maith le teachtaireacht chomhpháirteach ón Iodáil agus ón nGréig chuig an gCoimisiún an 9 Meitheamh 2020 maidir le rochtain shoithí iascaireachta na hIodáile ar uiscí teorann na Gréige, rud a léiríonn na socruithe déthaobhacha a bhí le comhlíonadh ag na Ballstáit lena mbaineann. Ar deireadh, tar éis an bhreithiúnais i gcás C-457/18, maidir leis na fonótaí ina dtagraítear don Chomhaontú Eadrána idir an tSlóivéin agus an Chróit, arna shíniú i Stócólm an 4 Samhain 2009, ba cheart iad a bhaint d'Iarscríbhinn I i ngeall ar easpa inniúlachta an Aontais maidir le hábhair teorann.

Seasamh an Rapóirtéara

Sonraítear i mír 2 agus i mír 3 d'Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 na maoluithe údaraithe a cheadaítear ó phrionsabal na rochtana comhionainne ar uiscí agus ar acmhainní in uiscí uile an Aontais. Beidh feidhm ag na maoluithe sin go dtí an 31 Nollaig 2022.

Déanfar an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe a athbhreithniú in 2030, 4 bliana tar éis dheireadh na tréimhse coigeartúcháin dar críoch an 30 Meitheamh 2026. Tá an Rapóirtéir den tuairim gur spriocdháta iomchuí é an 31

Nollaig 2032 chun an t-athbhreithniú sin a thabhairt chun críche.

Thairis sin, creideann an Rapóirtéir gur cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar thionchar na rialacha sin maidir le rochtain ar uiscí ar a laghad bliain amháin sula rachaidh na maoluithe in éag, sula bhféadfaidh na comhreachtóirí seasamh a ghlacadh maidir le hathnuachan a d'fhéadfaí a dhéanamh tar éis 2032. Ba cheart iarmhairtí agus tionchair na maoluithe sin a chainníochtú, a cháiliú agus a thomhas d'fhonn a bheith in ann cinneadh eolasach a dhéanamh amach anseo.

Faoi Airteagal 49 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar fheidhmiú an Chomhbheartais Iascaigh faoin 31 Nollaig 2022. Chun measúnú leanúnach ar CBI a áirithiú, tá an Rapóirtéir den tuairim gur cheart an oibleagáid sin a athnuachan gach 5 bliana.

22.4.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT RÉIGIÚNACH

chuig an gCoiste um Iascach

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013, a mhéid a bhaineann le srianta ar an rochtain ar uiscí an Aontais (COM(2021)0356 – C9-0254/2021 – 2021/0176(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Mathilde Androuët(Nós imeachta simplithe – Riail 52(1) agus (3) de na Rialacha Nós Imeachta)'

## RÉASÚNÚ GEARR

A. Cuspóirí agus ábhar an togra seo

Is é is aidhm don togra síneadh 10 mbliana breise a chur leis na maoluithe atá ann cheana maidir le srianta ar rochtain ar uiscí AE chun leanúnachas na mbeart cosanta atá i bhfeidhm a áirithiú agus chun nach gcuirfear isteach ar an gcothromaíocht a forbraíodh de réir a chéile tar éis an córas speisialta sin a thabhairt isteach.

Faoi Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir le CBI, tá na Ballstáit údaraithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

– An iascaireacht a shrianadh do shoithí iascaireachta a bhíonn ag iascaireacht de ghnáth sna huiscí sin ó chalafoirt ar an gcósta cóngarach in uiscí suas le 12 mhuirmhíle óna mbonnlínte.

– Sna huiscí suas le 100 muirmhíle ó bhonnlínte na réigiún is forimeallaí de chuid an Aontais dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 349 den Chonradh, an iascaireacht a shrianadh do shoithí iascaireachta atá cláraithe i gcalafoirt na gcríoch sin.

Ós rud é go mbeidh na maoluithe i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2022, ceapadh an togra chun go seachnófar deireadh a chur leis an gcóras rochtana sonrach a bhfuil a chuspóir chomh bailí céanna inniu is a bhí sé sna blianta roimhe seo. Is é is cúis leis sin an staid caomhnúcháin ina bhfuil an-chuid stoc faoi láthair, an íogaireacht leanúnach atá ag uiscí cósta maidir le caomhnú agus deacrachtaí leanúnacha i limistéir chósta atá ag brath go mór ar iascaigh agus nach dócha go mbainfidh siad tairbhe as aon fhorbairt eacnamaíoch eile.

Leasaítear leis an togra freisin Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 tar éis do Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus tar éis don Iodáil agus don Ghréig iarraidh chomhpháirteach a dhéanamh maidir le rochtain soithí Iodálacha ar an Muir Iónach, ar an Muir Aeigéach agus ar Mhuir na Libia. Socraítear in Iarscríbhinn I, i gcás gach Ballstáit, na criosanna geografacha laistigh de bhandaí cósta Ballstát eile ina bhféadfaidh sé gníomhaíochtaí iascaireachta a shaothrú agus cé na speicis a fhéadfaidh sé a ghabháil.

B.	Measúnú an Rapóirtéara

Tá an rapóirtéir ar an eolas faoi chriticiúlacht na staide caomhnúcháin ina bhfuil an-chuid stoc faoi láthair, faoin íogaireacht leanúnach atá ag uiscí cósta maidir le caomhnú agus faoi dheacrachtaí leanúnacha i limistéir chósta atá ag brath go mór ar iascaigh agus nach dócha go mbainfidh siad tairbhe as aon fhorbairt eacnamaíoch eile.

Chuaigh na rialacha atá ann cheana lena gcuirtear srian ar rochtain ar acmhainní laistigh de chriosanna 12 mhuirmhíle na mBallstát chun sochair do chúrsaí caomhnaithe trí iarracht iascaireachta a shrianadh sa chuid is íogaire d'uiscí an Aontais. Caomhnaíodh leis na rialacha sin gníomhaíochtaí iascaireachta traidisiúnta a bhfuil forbairt shóisialta agus eacnamaíoch roinnt pobal cósta ag brath go mór orthu.

Maidir le srianta lena dteorannaítear rochtain ar acmhainní bitheolaíocha na mara timpeall réigiúin fhorimeallacha an Aontais dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 349 den Chonradh chuir siad le caomhnú gheilleagar áitiúil na gcríocha sin, ag féachaint don staid struchtúrach, shóisialta agus eacnamaíoch ina bhfuil siad.

Tá cuspóirí an chórais shonraigh fós chomh bailí agus a bhí siad le fiche nó tríocha bliain roimhe sin.

Ar na cúiseanna sin, measann an Rapóirtéir go bhfuil bonn cirt leis an togra seo agus aontaíonn sé leis an togra ón gCoimisiún. Dá bhrí sin, molann sí don choiste ceannais go bhformheasfaidh an Pharlaimint an cinneadh beartaithe gan leasú, faoin nós imeachta simplithe a leagtar amach i Riail 52(1) de na Rialacha Nós Imeachta.

******

Iarrann an Coiste um Fhorbairt Réigiúnach ar an gCoiste um Iascach, mar an coiste atá freagrach, a mholadh go nglacfadh an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh lena ndéanfaidh sí an togra ón gCoimisiún a ghabháil chuici féin.

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013, a mhéid a bhaineann le srianta ar an rochtain ar uiscí an Aontais |
| **Tagairtí** | COM(2021)0356 – C9-0254/2021 – 2021/0176(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | PECH<br>8.7.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | REGI<br>8.7.2021 |
| **Rapóirtéir**<br>Dáta an cheapacháin | Mathilde Androuët<br>13.7.2021 |
| **Nós imeachta simplithe - dáta an chinnidh** | 21.4.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 21.4.2022 |

# NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013, a mhéid a bhaineann le srianta ar an rochtain ar uiscí an Aontais |
| **Tagairtí** | COM(2021)0356 – C9-0254/2021 – 2021/0176(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 5.7.2021 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | PECH<br>8.7.2021 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | DEVE 8.7.2021   ENVI 8.7.2021   REGI 8.7.2021 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | DEVE 9.11.2021   ENVI 29.9.2021 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Pierre<br>Karleskind<br>15.9.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 25.4.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 12.7.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 16<br>–: 10<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clara Aguilera, Pietro Bartolo, Izaskun Bilbao Barandica, Isabel Carvalhais, Rosanna Conte, Rosa D'Amato, Søren Gade, Anja Hazekamp, Niclas Herbst, Jan Huitema, Ladislav Ilčić, France Jamet, Pierre Karleskind, Predrag Fred Matić, Francisco José Millán Mon, João Pimenta Lopes, Manuel Pizarro, Caroline Roose, Bert-Jan Ruissen, Annie Schreijer-Pierik, Peter van Dalen, Theodoros Zagorakis |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Benoît Biteau, Cláudia Monteiro de Aguiar |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Agnès Evren, Claude Gruffat |
| **Dáta don chur síos** | 14.7.2022 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 16 | + |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

| 10 | - |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair maidir le siombailí:
+ : i bhfábhar
- : i gcoinne
0 : staonadh